SIA

Ag Tacú le hÉireannaigh Thar Lear

Ag Machnamh ort...

Sa bhliain 2004 d'éirigh go geal le feachtas SIA ó thaobh feasacht agus cistí a mhéadú dár muintir sa Ríocht Aontaithe agus níos faide i gcéin. Is ar Lá 'le Pádraig a mhachnaímid ar cad is brí le bheith Éireannach, agus ar shaol na ndeoraithe Éireannacha thar lear. Machnaigh, le do thoil, ar shaol na ndeoraithe Éireannacha i Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus tacaigh lenár gcuid oibre leis na hÉireannaigh gan cháipéisí san áit sin.

Is é atá i SIA 'Ag Tacú le hÉireannaigh Thar Lear' ná Feachtas Choimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe. Tacaigh leis na hÉireannaigh Thar Lear trí pé síntiús is féidir leat a thabhairt, trí mhachnamh ar na deoraithe i do smaointe agus trí bheart a dhéanamh chun tacú le glúine na nGael a chuaigh ar imirce.

Chun a thuilleadh eolais a fháil: www.catholiccommunications.ie/sia nó guthán: 01 505 3055

Focal ón Easpag ó hÉigeartaigh

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leat as do shíntiús iontach anuraidh d'fheachtas SIA. De bharr do chineáltachta, cruinníodh €614,068 d'fheachtas SIA an Coimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe (IECE). Tharla an bailiúchán i roinnt deoisí chomh luath le Feabhra 2004 agus i ndeoisí eile chomh déanach le Deireadh Fómhair. Gabhaim buíochas pearsanta leis na hEaspaig agus leis an gcléir a thacaigh lenár bpobal Éireannach thar lear.

Ina gcuid achainí 2004, dúirt an Chomhairle Phointifiúil um Chúram Tréadach na nImirceach agus na nDaoine Taistil 'Gríosann grá Chríost ar an lucht imirce sinn chun féachaint as an nua ar a gcuid fadhbanna"[1]. Cuireann do thacaíocht dár bhfeachtas SIA ar ár gcumas an achainí seo a fhreagairt trí bhearta nua a shaothrú agus na cinn atá ann cheana nár tugadh a ndóthain maoinithe dóibh a chothú.

Is san fhéilirebhliain 2005 a chaithfear an t-airgead ó fheachtas SIA na bliana 2004. Caithfear an chuid is mó den airgead a cruinníodh ar sheirbhís sheachtrach d'Éireannaigh scothaosta scoite sa Ríocht Aontaithe. Cuid ríthábhachtach den tionscadal seo is ea earcaíocht agus oiliúint na n-oibrithe deonacha sa Bhreatain. Agus é ag obair leis na hoibrithe ar thús cadhnaíochta, tá Coimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe (IECE) tar éis taighde leathan a dhéanamh ar an ngá seo. Táimid cinnte dearfa go ndéanfaidh d'airgead agus ár dtionscadail an sochar is mó dóibh siúd atá i ngátar.

I mbliana san fheachtas cuirfimid ar do shúile iad siúd a bhfuil saol faoi cheilt acu sna Stáit Aontaithe. Tá a fhios ag a lán teaghlach faoin scéal seo mar tá mic, iníonacha, deartháireacha agus deirfiúracha, nianna, neachtanna agus cairde 'gan cháipéisí' acu. Beidh mé ag triall ar na Stáit Aontaithe chun cuairt a thabhairt ar ár lárionaid d'fhonn eolas ar an láthair a fháil faoin gcruachás ina bhfuil ár muintir. Tá súil agam go bpléifidh mé le Comhdháil Easpaig Chaitliceacha Mheiriceá conas mar is féidir linn mar Eaglais Éireannach dul i gcomhar leo chun tacú leo siúd sa lucht imirce atá leochaileach.

Spreagann scéal eisimirce na hÉireann sinn chun dul i ngleic le dúshlán na n-inimirceach a thagann go hÉirinn. Chuir a lán tíortha fáilte roimh ár dteaghlaigh chun a dtailte; thug siad dóchas nua dóibh agus an bheannacht a bhain le todhchaí úrnua. Mar thír óstaigh inniu tugaimid aird ar fhocail na Cathaoireach Naofa: "ní dóigh linn go bhfuil ár ndualgas i leith an luchta imirce comhlíonta againn trí ghníomhartha cúnaimh a dhéanamh nó fiú trí thacú le reachtaíocht..... ní mór dáiríre do Chríostaithe 'cultúr barantúil fáilte' a chur chun cinn"[2].

Is san áit fáilte seo a bhuaileann saothar ár gCoimisiúin um Dheoraithe (a bunaíodh sa bhliain 1957) le dúshlán na ndaoine atá ag teacht go hÉirinn. Tá riachtanas mór leis an gcéad fháilte ó thaobh an chúnaimh de ach díríonn an dara fáilte ar an gcomhtháthú agus ar an neamhthuilleamaíocht a chur ar fáil diaidh ar ndiaidh dóibh sin a fhágann a dtír dhúchais chun aghaidh a thabhairt ar an gcoigríoch.

Arís, thar ceann na ndaoine sin go léir a oibríonn lenár ndeoraithe, molaim ó chroí do chineáltacht agus do fhlaithiúlacht. Ciallaíonn SIA 'níos faide'. De thoradh do fhlaithiúlachta mothaíonn daoine níos cóngaraí don tír is grá leo, don tír ina mbraitheann siad go bhfuil siad sa bhaile.

"Go gcabhraí an Mhaighdean Mhuire, a d'fhulaing mar aon lena Mac Beannaithe pian na heisimirce agus na deoraíochta, linn an taithí, agus go minic an dráma, atá acu siúd a bhfuil sé d'fhiacha orthu cónaí i bhfad óna dtír dhúchais, a thuiscint agus go múine sí dúinn conas mar is ceart freastal orthu i ndáil lena gcuid riachtanas, agus sinn ag glacadh leo dáiríre mar dheartháireacha agus mar dheirfiúracha, i dtreo go bhféadfar féachaint ar imircí an lae inniu mar ghlao, cé gur glao rúndiamhrach é, chun Ríocht Dé, atá ann cheana ina Eaglais, a tosach (cf. LG 9), agus uirlis dheonú Dé chun aontacht an chine dhaonna agus an tsiocháin a chur chun cinn."[3]

† Séamus Ó hÉigeartaigh,
Easpag Dhoire agus
Cathaoirleach IECE

1. 'Erga Migrantes Caritas Christi', Cathair na Vatacáine 2004, Alt 1.
2. ibid Alt 39.
3. ibid Alt 104.

Roinnt Scéalta SIA ó na Gaeil i Stáit Aontaithe Mheiriceá

Le Sheila Gleeson

Tá Mary, arb as Contae na Gaillimhe í, ag lorg cúnamh ón Lárionad Éireannach Inimirce go minic le deich mbliana anuas. Tháinig sí chun na Stát Aontaithe sa bhliain 1995 ar tharscaoileadh víosa agus fonn uirthi cuairt a thabhairt ar a deirfiúr. Sheol a deirfiúr ticéad chuici agus spreag sí í chun teacht toisc go raibh domheanmnacht uirthi mar gheall ar a dífhostaíocht fhadtéarmach in Éirinn. Chinn sí ar fhanacht sna Stáit Aontaithe nuair a fuair sí amach go bhféadfadh sí a beatha a shaothrú anseo. Tá Mary tar éis iarratas a chur isteach ar gach víosa is féidir ó tháinig sí chun na Stát Aontaithe ach níor éirigh léi a stádas a dhéanamh dleathach agus tá eagla de shíor uirthi go mbéarfadh na húdaráis uirthi. Deineadh saoránach na Stát Aontaithe dá deirfiúr; bhí sé ró-dhéanach, áfach, do Mary leas a bhaint as foráil 245(i) an dlí inimirce i 2001.

Le déanaí chuaigh sé go dian uirthi maireachtáil anseo sna Stáit Aontaithe, ó 2001 tá sé tar éis éirí níos deacra do dhaoine gan cháipéisí obair a fháil. Tá an saol go han-chrua di faoi láthair; tá an cúram sláinte an-chostasach agus níl Mary i dteideal aon saghas leasa nó cúnaimh tithíochta toisc í a bheith gan cháipéisí.

Anuraidh rugadh leanbh do Mary atá anois 10 míonna d'aois. Ní thugann athair an linbh tacaíocht airgeadais agus níl sé páirteach ina saol. Bhagair sé fios a chur ar na hoifigigh inimirce sa Ghníomhaireacht um Fheidhmiú Inimirce agus Custaim agus féachaint chuige go ndíbreofaí í dá lorgódh sí tacaíocht linbh trí na cúirteanna. Cuireann sé fainic uirthi nach bhfeicfidh sí a leanbh go deo arís má tharlaíonn sé seo agus tá uamhan uirthi go ndéanfaidh sé beart de réir a bhriathair. Tá sí ag smaoineamh ar bhogadh ar ais go hÉirinn chun a máthair chnagaosta a fheiceáil. Ní fhaca sí í le deich mbliana. Seift atá lán le fadhbanna é seo, má fhágann Mary na Stáit Aontaithe ní ligfear di athiontráil ar feadh deich mbliana agus ag an bpointe seo ní féidir léi dul mar níl athair an linbh sásta ligean do Mary pas a fháil don leanbh nó é a thabhairt amach as an tír, agus é ag diúltú san am céanna aon saghas tacaíochta a thabhairt dá mhac.

Tá raon seirbhísí á fháil ag Mary ón Lárionad Éireannach Inimirce, lena n-áirítear comhairleoireacht agus tacaíocht, seirbhísí fostaíochta, comhairle ar a stádas inimirce agus cúnamh dlí *pro bono*.

"Tá raon seirbhísí á fháil ag Mary ón Lárionad Éireannach Inimirce, lena n-áirítear comhairleoireacht agus tacaíocht, seirbhísí fostaíochta, comhairle ar a stádas inimirce agus cúnamh dlí *pro bono*."

Bhí Seán, deoraí óg gan cháipéisí a chónaigh i mBoston ar feadh breis is cúig bliana, ag fulaingt a lán fadhbanna de thoradh a mhí-úsáide alcóil. Sara bhfaca an Lárionad Éireannach Inimirce é bhí sé ag freastal ar sheirbhís ar mhí-úsáid substaintí, ach chuaigh sé go dian air aon leas a bhaint as toisc gur bhraith sé nár thuig siad dáiríre é. Chonaic sé alt faoinár seirbhísí ar mhí-úsáid substaintí sa nuachtán. Trí shraith coinní comhairleoireachta aonair le comhairleoir ar mhí-úsáid substaintí a bhí go maith ó thaobh na híogaireachta cultúrtha, d'éirigh linn measúnacht chruinn a dhéanamh ar a chuid riachtanas agus ar na constaicí a d'fhéadfaí a bheith ann.

Seoladh ansin é chuig seirbhís iomchuí a bhí in ann dul i ngleic lena fhadhbanna sláinte intinne mar aon le dul i ngleic lena mhí-úsáid substaintí. Cuireadh tacaíocht ó thaobh inimirce, fostaíochta agus tithíochta ar fáil dó freisin mar aon le seirbhís chás-bhainistíochta a chinntigh go raibh fáil leanúnach aige ar an tacaíocht, is cuma conas mar a d'athraigh tosca a cháis. Trínár dteagmháil leis an gcomhaltacht AA, bhí sé in ann freastal ar chruinnithe le tacaíocht ó dhuine a raibh aithne aige ar an gcóras seo agus tá sé anois ar a chiall agus tá feidhm éifeachtach á baint aige as gach tacaíocht atá ar fáil.

"Chonaic sé alt faoinár seirbhísí ar mhí-úsáid substaintí sa nuachtán. Trí shraith coinní comhairleoireachta aonair le comhairleoir ar mhí-úsáid substaintí a bhí go maith ó thaobh na híogaireachta cultúrtha, d'éirigh linn measúnacht chruinn a dhéanamh ar a chuid riachtanas agus ar na constaicí a d'fhéadfaí a bheith ann."

Ar Lá 'le Pádraig: Smaointe ó Chicago

Leis an Athair Michael Leonard, Tacaíocht Éireannach Inimirce Chicago

Athmhachnamh ar shleachta:

Irimias 1:4-9, Gníomhartha na nAspal 13:46-49 agus Lúcás 10:1-12,17-20

Deoraí faoi iallach

Tá a lán nithe i bhFaoistiní Phádraig a thugann inspreagadh dúinn agus a thugann ár ndúshlán de réir mar a dhéanaimid athmhachnamh ar a shaol agus ar a ghairm. Ba mhaith liom díriú go háirithe ar thaithí Phádraig mar dheoraí faoi iallach. Bhí rian an fhuadaigh chun daoirse in Éirinn ar a shaol agus ar a mhinistreacht ina dhiaidh sin. Bhí idir thuiscint agus thrua aige dóibh siúd a bhí ar an imeall toisc go raibh taithí phearsanta aige ar an daoirse, chomh maith le feasacht ghéar a bheith aige ar a laige féin agus ar sclábhaíocht "na bpaisean". Bhí ar Phádraig constaicí uafásacha a shárú chun a shaoirse a bhaint amach agus ina dhiaidh sin chun an glao a fhreagairt chun filleadh agus an Soiscéal a theagasc do phobal fiáin coimhthíoch. Ar an gcéad amharc ní bhíonn ar dheoraithe san aonú haois fichead teagmháil le constaicí ollmhóra den tsaghas sin. Is í fírinne an scéil, áfach, ná go bhfuil mórán acu faoi réir ag an dúshaothrú díreach mar an gcéanna le Pádraig. Ní daoir iad de réir na céille is beaichte den fhocal; mar sin féin is minic a scriosann roinnt fostóirí neamhscrupallacha a ndínit. Ón uair go bhfuil mórán acu "mídhleathach" tá iallach orthu uaireanta níos faide a oibriú ar phá níos ísle agus gan aon de na sochair atá ar fáil don chuid eile den líon saothair. Buailim leis na daoine seo go rialta agus bíonn eagla orthu i gcónaí. Eagla roimh thimpiste (níl árachas sláinte ag an gcuid is mó acu) eagla roimh dhíbirt as an tír (tá an chuid is mó acu "gan cháipéisí") agus eagla roimh an dlí a bheith curtha orthu (chuala siad scéalta faoi dhaoine a cuireadh i bpríosún agus a díbríodh).

Oscailte dóibh sin atá éagsúil

Is dúshlán dúinn é oscailteacht Phóil agus Phádraig do "na gintlithe". Glaonn sé sinn chun suim ar leith a chur iontu sin nach cuid rialta dár bpobal sa séipéal. Bíonn náire ar a lán de na daoine seo le teacht chugainn toisc nach mbíonn siad ag cleachtadh an chreidimh. Ní foláir dúinn cuimhneamh go bhfuil cuireadh acu ar cheiliúradh an Aifrinn. Is minic a fhéadfaidh ionadh a bheith orainn faoina gcuid oscailteachta don soiscéal.

Chas mé le déanaí ar dhuine gan dídean a dúirt liom go dtugann sé cuairt go minic ar shéipéal, cé go bhfuil a shaol ina "phraiseach" le roinnt mhaith blianta anuas, "i gcomhair na síochána agus i gcomhair an dóchais, rudaí atá deacair a fháil ar na sráideanna".

Dearcadh ar mhná

Taispeánann Pádraig freisin gur éagsúil go maith a bhí a dhearcadh ar mhná i gcomparáid le tuairim Agaistín agus tuairim aithreacha eile na heaglaise. Chaith sé leo go hurramach maorga mar is dual dóibh; sna faoistiní léimid cuntas Phádraig ar "bhean bheannaithe, Gael ó dhúchas, uasal, áilleacht neamhchoitianta uirthi – bean fhíorfhásta – a bhaist mé." Is mór an trua é nach bhfuilimid mar eaglais, ag tús na haonú aoise fichead, oscailte go leor do chion na mban. Braitheann a lán ban imeallach agus eisiata ó na háiteanna tábhachtacha cinnteoireachta inár n-eaglais agus is gá dúinn a gcuid pianta a aithint. Is gá dúinn freisin a aithint gur mór an chlú dóibh é gurb iad sin na daoine a chothaíonn an creideamh sna páistí agus sna daoine óga.

Fíordhúshlán

Mar fhocal scoir, cuireann sampla Phádraig fíordhúshlán faoi mhuintir na hÉireann a bheith réidh leis an gclaontacht sin a thaispeántar go minic dóibh siúd a thagann chun na tíre seo agus a lorgaíonn tearmann. D'ordaigh Críost dúinn grá a thabhairt dár naimhde agus is glao é seo orainn gan éinne a choinneáil amach as ár gcúram. Cuireadh malairt cló ar shaol Phádraig toisc gur fhreagair sé an ghairm ó Dhia agus má fhreagraímid ar an gcuma chéanna féadfar ár saol agus saol na ndaoine inár dtimpeall a athrú sa dóigh go gcuirfidh sé sin ar ár gcumas cruth eile ar fad a chur ar ár bpobal.

> "Is í fírinne an scéil, áfach, ná go bhfuil mórán acu faoi réir ag an dúshaothrú díreach mar an gcéanna le Pádraig. Ní daoir iad de réir na céille is beaichte den fhocal; mar sin féin is minic a scriosann roinnt fostóirí neamhscrupallacha a ndínit."

Athair Michael Leonard

Ríomhphost: info@ci-is.com
Láithreán Gréasáin: www.ci-is.com

Maoiniú SIA d'Oifig ICPO (Coimisiún na hÉireann um Príosúnaigh Thar Lear, fochoimisiún IECE) i Londain

Leis an Athair Gerry McFlynn, Stiúrthóir

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Príosúnaigh Thar Lear sa bhliain 1985 chun eolas, tacaíocht agus abhcóideacht a chur ar fáil d'Éireannaigh i bpríosún thar lear agus dá muintir. Is forannóg Choimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe é, le hoifigí i Maigh Nuad agus Londain. Tá obair sheachtrach ICPO ar fáil d'aon Éireannach, nó a mhuintir/muintir, is cuma faoina stádas príosúin, coir nó sainaicme creidimh. Cé gur sa Ríocht Aontaithe atá formhór na bpríosúnach Éireannach thar lear, coinnítear daoine ó Éirinn i ngéibhinn i suas le 25 tíortha ar fud an domhain.

Tá an oifig i Londain den ICPO thar a bheith buíoch as an airgead a fuarthas ó chiste SIA. Rachaidh an t-airgead i bhfeidhm go mór ar fhorás ár saothair i Sasana agus sa Bhreatain Bheag san am atá le teacht.

Chuir roinnt den airgead ar ár gcumas Oibrí Seachtrach lánaimseartha a fhostú agus freagracht air as cuartaíocht ar na deich bpríosúin i mórlimistéar Londain agus as plé leis an gcásobair is gá ina dhiaidh sin. Is ríthábhachtach é an ceapachán seo do shaothrú an ICPO, ag féachaint do líon mór na nGael i bpríosúin Londain (thar 200) agus don am atá i gceist sa mhinistreacht leo. Tabharfaidh sé a thuilleadh ama don Stiúrthóir, An tAthair Gerry McFlynn, chun díriú ar limistéir eile na tíre a ligeadh i bhfaillí go pointe áirithe roimhe seo. Úsáidfear roinnt den airgead freisin chun cabhrú le scéim dheonach do na réigiúin a chur ar bun. Cuimseoidh sé seo beirt nó triúr i réigiúin éagsúla na tíre a thabharfaidh cuairteanna ar thrí nó cheithre príosúin ina gcuid limistéir agus a chuirfidh an t-eolas go dtí an oifig i Londain. Tá oibrí deonach againn cheana a dhéanann an obair seo in oirdheisceart na tíre agus tá sé beartaithe aithris a dhéanamh air seo ar fud na réigiún eile mar lár na tíre, an t-iarthuaisceart agus an t-oirthuaisceart. Is é an toradh a bheidh ar an bplean, nuair a chuirfear i gcrích é, ná freastal a dhéanamh ar a thuilleadh daoine ó Éirinn chomh maith le próifíl níos airde don ICPO.

Tá líon na bpríosúnach ó Éirinn ag fanacht ar an leibhéal céanna le cúig bliana anuas. Tá ráta ard atitime coiriúlachta de dheasca na bhfadhbanna maidir le hiostas, fostaíocht, deoch agus drugaí, don chuid is mó. Bíonn ar mhórán príosúnach tabhairt faoi dhrochfhadhbanna i dtaobh an iostais tar éis iad a bheith ligthe amach agus ní i gcónaí a oireann brúnna promhaidh. A oiread agus is féidir sin, spreagaimid na príosúnaigh gan iostas anseo filleadh ar a gcuid muintire in Éirinn agus fiú cabhraímid leo ó thaobh na gcostas taistil. Is fearr, áfach, le mórán daoine fanacht sa tír seo toisc go bhfuil siad socraithe síos le fada agus toisc go bhfuil páirtithe agus clann acu. Filleann daoine eile ar Éirinn cé nach mbíonn aon áit chun cónaithe ná aon phost acu. Is géire go mór atá na fadhbanna seo do líon an luchta siúil agus líon na bpríosúnach faoi dheacrachtaí foghlama, dhá dhream atá de shíor ag méadú. Is féidir cruatan a bheith i gceist agus na daoine sin a bheith ag iarraidh sochair shóisialta a fháil.

An taithí atá againn ná nach dtuigeann na seirbhísí sóisialta anseo ná in Éirinn i gceart impleachtaí sóisialta an athshlánaithe do mhórán príosúnach ó Éirinn. Fadhb mhór is ea an athshlánú éifeachtach anois agus is rud é inar gá riar maith airgeadais agus pearsanra a shuncáil. Tá súil againn, áfach, feidhm a bhaint as roinnt d'airgead SIA chun cabhrú le príosúnaigh, pé slí bheag is féidir linn, chun socrú síos athuair sa sochaí anseo agus in Éirinn.

Mar fhocal scoir, is céim nua spreagúil i bhforleathnú ár seirbhíse i saothrú an ICPO sa Bhreatain. Tá a fhios againn go maith, áfach, nach bhféadfaí é seo a dhéanamh in éagmais na cabhrach ó chiste SIA. Agus soláthar a dhéanamh don fhorleathnú seo taispeánann an IECE ar shlí thar a bheith praiticiúil cúram tréadach na hEaglaise do phríosúnaigh – an dream is leochailí i measc na ndeoraithe Éireannacha.

An tEaspag Colm O Reilly agus an tAthair Danny Horan lasmuigh de na botháin óna gcuirtear bia ar fáil do mhórán deoraithe a bhfuil saol crua acu. De bharr do chineáltachta, tá an tseirbhís seo ag bogadh go háitreabh nua.

Ar 15 Iúil 2004 chuir Coimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe fáilte mhór roimh an bhfógra a thug an tAire Brian Cowen go mbunófaí aonad speisialta chun tacú le riachtanais na ndeoraithe Éireannacha. Ag labhairt dó ó Ambasáid na hÉireann i Londain dúirt an tAire Cowen 'Tá dóchas mór agam go gcuirfidh an t-aonad speisialta seo dlús lenár gcomhiarracht ar an ngné thábhachtach seo den bheartas náisiúnta a chur ar aghaidh.'

Clár Deonach Seachtrach do Dhaoine Scothaosta

Le John Twomey, Comhordaitheoir na Seirbhísí Leasa Phobail,
Lárionad Éireannach Londain

Táimid an-shásta leis an bhfeidhm atá beartaithe do chiste SIA de chuid IECE chun tacú le tionscnamh deonach seachtrach do dhaoine scothaosta atá leochaileach.

Níl aon amhras ná go bhfuil na Gaeil scothaosta go mór i ngátar. Táthar tar éis a chruthú de réir na turgnamhachta agus na scéalaíochta araon gur díréireach ard é líon na nGael scothaosta i gcomparáid leis an daonra ginearálta ó Éirinn sa Bhreatain. Cónaíonn siad leo féin de ghnáth. De réir gach dealraimh, tá tinneas nó míchumas fadtéarmach díblithe á fhulaingt acu. Tá an iomad acu sna staitisticí náisiúnta sláinte i ndáil le domheanmnacht, ailsí áirithe agus galar croí go háirithe. Tá fadhbanna alcóil ag mionlach beag acu ach is mionlach é nach féidir neamhshuim a dhéanamh dó. Thar 5% níos lú is ea an t-ionchas saoil atá acu de thoradh na heisimirce chun na Ríochta Aontaithe agus is fíric chorraitheach é seo le ceart. De réir gach dealraimh, cónaíonn siad leo féin i gceantar ionchathrach atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus iad ag brath ar shochar stáit a bhronntar de réir tástála acmhainne i gcomhair a mbunchothaithe.

Is soiléir é an t-ardluach atá ar an tseirbhís dheonach sheachtrach do dhaoine scothaosta. Is minic a thabharfaidh oibrí deonach cuairteanna ar dhaoine scothaosta ina dtithe féin, ina ndéanfaidh sé teagmháil leo chun an staid scoite ina bhfuil siad a mhaolú agus chun a gcuid gníomhaíochta agus a gcuid teagmhála a mhéadú. Ní cóir dímheas a chaitheamh ar an tábhacht a bhaineann le cuairt bháúil ar an duine scoite. Is é an toradh a bheidh ar an gcuairt sin ná an duine scoite a ghríosadh chun páirt níos fearr a ghlacadh i saol na háite. Tabharfaidh sí misneach dóibh leas a bhaint as teideal ar sheirbhísí príomhshruthaithe. Thairis sin, beidh an t-oibrí deonach a bhfuil oiliúint mhaith air/uirthi i riocht aon ghnó ar cúis imní é, a fhéadfaidh a eascairt as cuairt, a thabhairt faoi deara agus cuntas a thabhairt ina thaobh. Is mar sin a fhéadfar feidhm chaomhnóra a bhaint amach ar shlí nach ualach mór a bheidh i gceist.

Trí urraíocht a thabhairt don tionscnamh seo, cuirfidh SIA breisluach mór ar shaol na gcliant. Thairis sin, cruthóidh siad dúshraith ghníomhaíochta a bhféadfar feidhm a bhaint aisti mar bhonn d'iarratais ar mhaoiniú ó fhoinsí eile. Mar sin, is bua agus treise atá i gceist anseo. Guímid gach rath ar thionsnamh SIA. Braithimid go bhfuil sé seo cinnte toisc go bhfuil rogha den scoth déanta.

Déanann an tSeirbhís Leasa Phobail freastal ar an bpobal mór Éireannach i Londain, a bhfuil mórán acu faoi dheacracht dhíréireach ó thaobh fáil a bheith acu ar sheirbhísí príomhshruthaithe, mar shampla sláinte agus tithíocht. Baineann sí feidhm as cistí SIA chun clár réamhghníomhach um thacaíocht phobail agus um thacaíocht sheachtrach a bhunú agus a shaothrú do líon mór na nGael scothaosta i limistéar Londain.

Ar dheis -
Oibrí deonach seachtrach ag tabhairt cuairte ar dheoraí scothaosta i Londain 2004.

Séiplíneacht na nGael i Sydney... scéal SIA

"Ar an 13ú lá de Mheán Fómhair 2004 fuaireamar an glao gutháin ar maidin a d'inis dúinn gur goineadh Tony san Astráil. Go dtí sin ní raibh ach dea-scéala sna glaonna gutháin a fuarthas go rialta agus sna cártaí poist a fuarthas ó am go ham, ach d'imigh sin ar fad an lá úd. Lá uafásach ab ea é sabhaile idir bheith ag gol, ag guí agus ag lorg eitiltí chun Tony a fheiceáil. Toisc cúraim áirithe a bheith ar an teaghlach, ní raibh ach mo bheirt iníonacha Lorraine agus Anna in ann taisteal láithreach. Bhí siad croíbhriste agus iad ag imeacht leo mar tháinig an nuacht go raibh sé i gcontúirt bháis in Ospidéal Uinsinn Naofa, Sydney. Ciúnas lán le buairt agus cumha a bhí ar an mbeirt chailíní. Ní raibh tuairim acu cad a bhí i ndán dóibh. Ní raibh aon áit acu chun fanacht agus ní raibh aithne acu ar éinne nó éinní i Sydney. Ba leasc leo caint agus cheap an bheirt acu gur chun donachta a rachadh an scéal.

Nuair a tugadh an t-eitleán chun talún ag Aerfort Sydney chuir duine breá lách ó Chonsalacht na hÉireann / Oifig Leasa na hÉireann fáilte rompu agus dúradh leo go raibh lóistín curtha in áirithe agus socruithe praiticiúla eile déanta dóibh. Bhíodar chun fanacht ag Séipéal Phádraig Naofa, Bondi, agus bhí an t-ionad sin ina bhaile acu sar i bhfad. Is anseo a fuair ár muintir cara cléibh. Ba é an cara sin ná an tAthair Tom Devereux, Séiplíneach na nGael i Sydney. Ba gheall lenár 'nAingeal Coimhdeachta' é le linn na tréimhse ba mheasa dár saol. Bhí sé thar barr; ní raibh aon fhadhb ró-achrannach dó, b'eol dó éisteacht i gcónaí agus bhí sé de shíor ullamh chun sólás a thabhairt dúinn, agus ba mhór ár meas ar a ndearna sé. Bhí a fhios ag na cailíní go raibh sé chomh daingean le carraig. Nuair a chuaigh Aintín Tony agus mise sall, bhí an tAthair Tom ag an Aerfort chun bualadh linn agus chun sinn a thiomáint chun an ospidéil. Níor leasc leis é a dhéanamh; chuir sé fáilte Uí Cheallaigh romhainn. Ba mhór an faoiseamh dom é nach rabhamar inár n-aonar i gcathair ollmhór den tsaghas seo. Ní féidir liom mo dhóthain buíochais a ghabháil leis as an méid a dhein sé do Tony; ní bheidh sé ábalta ar a chórtas a chúiteamh don Athair Tom go deo.

Bhí teagmhálacha ag an Athair Tom laistigh de na heagraíochtaí a thug cúnamh mór dúinn, cosúil le Consalacht na hÉireann, An Lárionad Athshlánúcháin agus dlíodóirí. Ba chineálta an mhaise dó sinn a thabhairt chun roinnt de na hiontais a fheiceáil i dtreo go mbeadh cuimhne againn ar roinnt rudaí taitneamhacha san Astráil, rudaí a bhfuilimid faoi chomaoin aige astu. Is mór an cúnamh don iliomad turasóirí mála droma ó Éirinn iad an tAthair Tom agus an tSéiplíneacht. Is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an Athair Tom as an gcabhair a thug sé do Tony agus dúinn go léir; a mhuintir."

Is tionscadal de chuid Choimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe í Séiplíneacht na nGael i Sydney. Tacaíonn Ard-deoise Sydney léi. Tá an tSéiplíneacht ag saothrú a seirbhíse i gcomhar le hOifig Leasa na hÉireann i Sydney, de bharr an mhaoinithe ó SIA. Tá naisc ag an tSéiplíneacht le mórán eagraíochtaí eile san Astráil, agus Oifig Leasa Ghaeil na hAstráile i Melbourne san áireamh. Ó bunaíodh an tSéiplíneacht tá sí tar éis cabhrú le Deoraithe Éireannacha agus lena muintir i ndálaí atá cosúil leis an gceann a luaitear thuas.

Comórtas Iris/Nuachtlitir Bhliantúil an Pharóiste 2005 le Maeve Binchy

Gach bliain reáchtálann Coimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe comórtas d'irisí/nuachtlitreacha na bparóistí arb é is cuspóir leis ná spreagadh agus aitheantas a thabhairt do naisc phobail lenár ndeoraithe thar lear. Maeve Binchey, údar agus úrscéalaí, a bheidh ina meastóir ar na hiontrálacha.

Má heisíonn do pharóiste nuachtlitir nó iris bhliantúil a thaitníonn leis na hÉireannaigh Thar Lear agus a thugann blas na tíre dúchais, cuir d'iontráil chuig:

Coimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe, Lárionad Colm Cille, Maigh Nuad, Contae Chill Dara.

Tá a thuilleadh sonraí le fáil ó Caroline ag Guthán:
01-5053155; Facs: 01-6016401; Ríomhphost: emigrants@iecon.ie.

Is é an dáta is déanaí chun na hiontrálacha a bheith faighte againn ná Dé Céadaoin 16 Márta 2005.

Sliocht ó dhuine dár mbuaiteoirí anuraidh:

"Is mian linn ár mbuíochas a ghabháil as tráthnóna iontach. Ba léir gur chuaigh a lán oibre agus a lán eagraithe isteach i reáchtáil an chomórtais seo agus sa tráthnóna dá éis...Bhí sé thar barr a bheith i láthair agus táimid ag súil leis an mbliain seo chugainn".

An Chéad Duais: €1000.00

An Dara Duais: €750.00

An Tríú Duais: €500.00

Scéalta SIA ón Ríocht Aontaithe

Leis an tSiúr Lucy Troy - Stiúrthóir Shéiplíneacht na nGael sa Bhreatain

Feachtas SIA!

Is mór le rá ar a thaobh é an teideal agus téann sé go dian orm míniú cóir a thabhairt ar an mbrí a bhí le SIA (Ag Tacú le hÉireannaigh Thar Lear) – agus a bheidh leis – do dheoraithe Éireannacha agus dóibh siúd in ár measc a oibríonn leo agus ar a son.

D'fhreagair Séiplíneacht na nGael sa Bhreatain iarratas ar chabhair le déanaí i dtaca le fear óg, a bhí ina luí ar bhinse oifige agus gá aige le cúnamh, a thabhairt abhaile. Nuair a d'fhág sé, chuir an tOibrí Seachtrach a bhí ag plé lena chás glao gutháin orm agus dúirt: "Ba mhór an gar don fhear óg, agus domsa, é an cúnamh a sheol tú chugam. Bhí mé thar a bheith domheanmnach nuair a tháinig mé isteach san oifig. Is deacair leanúint den obair i bhfianaise na riachtanas ar a bhfreastalaímid ar bhonn laethúil. De bhrí go raibh a fhios agam go raibh duine ann a bhí sásta cabhair a thabhairt, ba mhór an cúnamh dom é sin chun leanúint ar aghaidh mar Oibrí Seachtrach."

Is dóigh liom go bhféadfadh gach éinne againn a oibríonn le deoraithe rud cosúil leis seo a rá faoi éifeachtaí an Fheachtais SIA. B'iontach í an fheasacht a saothraíodh, go mórmhór in Éirinn. Ní raibh na deoraithe ná a chuiditheoirí ina n-aonar sa chomhrac a thuilleadh. Bhí daoine ann a raibh a ndóthain muiníne acu, a ndóthain trua acu do chomharsana chun cromadh ar an bhfeachtas, oibriú trí phróiseas crua agus é a thabhairt go rathúil chun críche. Agus mar is gnách, is go fial flaithiúil a d'fhreagair muintir na hÉireann.

Bhí toradh fónta cheana ar an airgead a bhailigh Feachtas SIA. D'fhéadfaí an t-airgead uile a thabhairt amach go díreach laistigh de sheachtain!! Ach tharla a lán grinnis agus a lán pleanála agus gach dícheall á dhéanamh chun an úsáid is fearr a bhaint as an airgead d'fhonn féachaint chuig maitheas fadtéarmach na ndaoine a bhfuil gá acu le cabhair, agus an íogaireacht chultúrtha a bheith gafa leis an gcur chuige, i gcomhréir le dínit dhaonna na ndaoine.

Chun straitéis níos fadtéarmaí a chur i bhfeidhm, táimid ar tí Comhordaitheoir lánaimseartha ar Oibrithe Deonacha a fháil, a rachaidh i mbun oiliúint na n-oibrithe deonacha sna paróistí agus a chabhróidh leis na daoine is scoite. Na daoine a thagann amach agus atá eolach ar na gníomhaireachtaí atá ann, faigheann siad an cúnamh. Is cúis imní iad na daoine nach féidir leo, nó nach dteastaíonn uathu, pé rud is cúis leis sin, cúnamh a lorg, go háirithe fir scothaosta ó Éirinn a chónaíonn leo féin. Ní foláir don chur chuige a bheith fadtéarmach agus comhréireach agus táimid cinnte dearfa go gcuirfidh sé seo cruth eile ar an scéal do mhórán daoine. Is é ár dtuairim go leathnóidh oiliúint na n-oibrithe deonacha sna paróistí gréasán na gcúramóirí agus go sroichfear líon mór daoine atá i ngátar. D'fhéadfainn léanúint ar aghaidh. Tá éifeachtaí forleathana fadtéarmacha ag a bhfuil á dhéanamh de bharr SIA. Agus mé á scríobh seo, táim faoi scáth phictiúir an Tsunami. Ní fhéadfadh éinne a chonaic na pictiúir ach a bheith corraithe ag cumhacht uamhnach 'na toinne', an sceimhle a cuireadh ar na daoine a bhí sa bhealach ar an tonn agus an scrios a dhein an tonn. Ní ina n-aonar a bhí na daoine ar chuir an tonn isteach orthu agus chuir sé seo cruth eile ar fad ar an scéal.



Póstaer d'Fheachtas SIA 2004

Is mar an gcéanna atá freagra mhuintir na hÉireann, trí Fheachtas SIA, ar chruachás na ndeoraithe atá i ngátar, dar liom. Ní fhágtar ina n-aonar iad. Tá SIA tar éis dóchas a thabhairt. Taispeánann an Feachtas aghaidh bháúil ón mbaile a chabhraíonn leo atá i ngátar, go mórmhór na daoine is scoite, - ach a chabhraíonn freisin leo siúd a fhéachann le freastal ar an ngátar sin.

Thar ceann Shéiplíneacht na nGael sa Bhreatain, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine go léir a ghlac páirt i bhFeachtas SIA agus a dhearbhú gur mór mo mheas ar a bhfuil bainte amach aige.

Emigrant Advice

Tá Emigrant Advice ar cheann de 14 tionscadail Crosscare, Gníomhaireacht Dheoiseach Bhaile Átha Cliath um Chúram Sóisialta. Ón mbliain 1987, tá Emigrant Advice ag obair le himircigh a mbaineann staid leochaileach leo. Ar dtús, d'oibrigh Emigrant Advice le heisimircigh ionchasacha. Sna blianta deiridh seo, oibríodh le heisimiricigh ionchasacha, le heisimircigh, le hinimircigh, le heisimircigh a d'fhill go hÉirinn agus le heisimiricigh atá chun filleadh. Is é an rud atá coitianta ag gach éinne a bhaineann leas as seirbhísí Emigrant Advice ná gur imircigh iad a mbaineann staid leochaileach leo.

Is é is cuspóir le Emigrant Advice ná 'eolas ardchaighdeáin, cúnamh forlíontach agus, nuair is gá sin, abhcóideacht a chur ar fáil chun é a chur ar chumas na ndaoine atá páirteach san imirce, pé acu is cinnteoireacht nó taithí atá i gceist, go mórmhór iad atá leochaileach, cinntí a dhéanamh i bhfianaise na faisnéise cuí. Athrú dearfach sa bheartas imirce a chur i ngníomh trínár dtiomantas do chliaint agus i gcomhar le daoine eile'.

Tugann Emigrant Advice cumhacht d'eisimircigh, eisimiricigh a d'fhill go hÉirinn, eisimiricigh atá chun filleadh agus inimircigh maidir lena gcearta agus lena dteidil trí:

- Eolas atá suas chun dáta a chur ar fáil dóibh sa chlinic 'buailisteach' i lár chathair Bhaile Átha Cliath, sa tseirbhís sheachtrach, sna fiosruithe tríd an nguthán/ríomhphost/bpost, sa láithreán gréasáin, sna foilseacháin agus sa tseirbhís atreoraithe
- Abhcóideacht a dhéanamh ar a son le heagraíochtaí agus le comhlachais is cuí
- Aighneachtaí a dhéanamh i dtaca le forbairt an bheartais ó thaobh na himirce.

Déanann Emigrant Advice abhcóideacht ar son a gcliant maidir le:

- Nósanna imeachta eisimirice, víosaí, teidil agus cearta na nÉireannach thar lear.
- Nósanna imeachta inimirce, víosaí, teidil agus ceadanna oibre, víosaí oibre agus údarú d'oibrithe inimirce in Éirinn
- Teidil leasa shóisialaigh d'eisimircigh, eisimiricigh a d'fhill go hÉirinn agus inimircigh.



Bileog Eolais de chuid Emigrant Advice

Féach le do thoil *www.emigrantadvice.ie* chun léargas cuimsitheach a fháil ar obair Emigrant Advice agus chun cóipeanna dá bhfoilseacháin a fháil. Tá Emigrant Advice ar oscailt gach lá 9.30 – 5.30 Luan-Aoine ach amháin Dé Céadaoin ar maidin agus 1-2pm gach lá.

Tá Emigrant Advice lonnaithe ag: 1a Sráid na hArdeaglaise, Baile Átha Cliath 1. Guthán 01-8732844/8726171; info@emigrantadvice.ie

GABHANN SIA BUÍOCHAS Ó CHROÍ LE CÁCH!

Go raibh maith agat as do shíntiús d'fheachtas SIA. Bhailíomar €614,068.88 sa bhliain 2004. Fuaireamar iarratais ar d'airgead cheana do thionscadail a bhfuil ár dtacaíocht tuillte acu. Tugtar bunchuntas ar roinnt acu sna leathanaigh roimhe seo. Beidh liosta achoimrithe de na tionscadail mhaoinithe ar ár láithreán gréasáin i rith na bliana. Déanfar iniúchóireacht ar na cuntais go léir de chuid SIA agus beidh siad ar fáil go luath sa bhliain 2006. Tá gá againn le do chabhair chun leanúint den obair seo, mar sin cuimhnigh ar, agus Tacaigh le hÉireannaigh Thar Lear.

Féichiúnaigh, le do thoil, mo chuntas:

Mastercard ☐ Visa ☐ American Express ☐

An tSuim: € _____.___

Uimhir an Chárta: ☐☐☐☐ ☐☐☐☐ ☐☐☐☐ ☐☐☐☐

Dáta Éaga: __ __/__ __

Síniú: _____

Dátá: _____

Uimhir Charthanais Chláraithe IECE: 8503

Cuir do shíntiús, le do thoil, trí dhréacht nó trí sheic go dtí an seoladh seo a leanas:

Feachtas SIA
f/c Coimisiún Easpaig na hÉireann um Dheoraithe
Lárionad Colm Cille
Maigh Nuad
Contae Chill Dara

Má theastaíonn admháil uait cuir tic sa bhosca ☐
Ainm agus seoladh ar chóir an admháil a chur chucu:

_____

_____